Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh

Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh (CGUR).

Is é CGUR i gcomhar le Údarás na Gaeltachta atá freagrach as an phlean teanga do LPT Chiarraí Theas a chur i bhfeidhm. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfadh go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag CGUR agus freagrach don CGUR maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine cumasach leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar earnáil na Gaeilge, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Ceadúnas Tiománaí Iomlán

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí an Comhchoiste i gCeann Eich.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an phost.

Tá an plean don LPT ar HYPERLINK "http://www.uibhrathach.ie"www.uibhrathach.ie agus tá na sonraí poist a théann leis an phost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le bainisteoir an Chomhchoiste.

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, **roimh An Aoine 14ú Meán Fómhair** chuig**: An Bainisteoir**, Comhchoiste Gaeltacht Uíbh Ráthaigh, Ceann Eich, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí. Fón: 066 9474888 Ríomhphost: ccnfteo@indigo.ie